



Aonad 6

Bileog Oibre

I dtús báire

Ar ball, cloisfidh tú Máire Uí Cheallaigh ag labhairt faoin chinneadh a rinne sí dul chun na hollscoile.

Sula n-amharcaidh tú ar an mhír, déan féin agus an duine in aice leat liosta de chuid de na cúiseanna a bhíonn ag daoine pilleadh ar an oideachas i ndiaidh seal ama a chaitheamh i saol na hoibre.

- 1 _____
- 2 _____

Anois, amharcaigí ar an mhír. Ar luaigh Máire ceann ar bith de na rudaí a rith libhse?

Cluastuiscint

Amharc ar an mhír físe uair amháin eile agus freagair na ceisteanna seo thíos.

- 1 Cén fáth a luann Máire an tAthair Pádraig Ó Baoighill?

- 2 Cén t-athrú a tháinig ar an chúrsa máistreachta le linn do Mháire a bheith ina bhun?

- 3 Cén difríocht is mó a fheiceann Máire idir na deiseanna a bhí ag daoine óga ina ham féin agus na deiseanna atá ag daoine óga sa lá atá inniu ann?

- 4 Luaigh rud amháin a léiríonn go raibh suim mhór ag Máire sa staidéar agus sna cúrsaí a rinne sí ar an ollscoil.

Tusa ag éisteacht

Is as ceantar Bhaile na Finne, sa Ghaeltacht Láir i nDún na nGall, í Máire Uí Cheallaigh. Éist arís leis an dara cuid den agallamh léi agus déan iarracht na bearnaí sa script thíos a líonadh. Tabhair aird faoi leith ar an dóigh a bhfuaimníonn Máire na focail. Tabhair aire don litriú agus tú ag scríobh.

Agus caithfidh mé a rá gur bhain mé sult mór as é a dhéanamh. Agus creidim, _____
_____ (1) Ach ag an am, bhí beagán daoine ag an am nuair a d'fhág mise an scoil ag
dul go dtí ollscoileanna. Bhí achan duine ag dul amach agus ag fáil post _____
_____ (2) mar bhí an t-airgead de dhíth, cineál, in achan teach. _____
_____ (3) Ach anois, tá deiseanna móra ag daoine óga anois. _____
_____ (4) agus is cinnte gur dul chun cinn mór é.

Ach caithfidh mise a rá gur bhain mise sult mór as an staidéar. _____
_____ (5) Pádraig Ó Domhnaill agus rinne mé an dara ceann ar Sheán Bán Mac Meanman agus bhain
mé sult mór as an taighde. Agus cheannaigh mé cuid mhór leabharthaí ag an am agus tá bailiúchán mór
leabharthaí Gaeilge agam. Mar a déarfá, _____ (6), agus
chaith mé cuid mhór ama ag staidéar agus mar sin de agus bhain mé sult mór as, _____
_____ (7).

An dara seans

Anois, éist le Seán Ó Daimhín ag caint faoin taithí atá aige féin ar chúrsaí oideachais.

A Agus tú ag éisteacht leis an mhír den dara huair, déan iarracht na leaganacha Gaeilge a d'úsáid Seán de na focail/frásaí seo a leanas a bhreacadh síos.

- 1 Academic qualification _____
- 2 At sixteen years of age _____
- 3 Work that I'm very proud of _____
- 4 I achieved a certain amount _____
- 5 It takes dedication to do... _____
- 6 I am eager to... _____

B Anois, scríobh tusa 6 abairt a bhaineann le do thaithí oideachais féin. Úsáid achan cheann de na focail/frásaí Gaeilge sin a bhí ag Seán i do chuid abairtí.

- 1 _____
- 2 _____
- 3 _____
- 4 _____
- 5 _____
- 6 _____

C Nuair a bheas na habairtí scríofa agat, tabhair don duine in aice leat iad. Léigh na habairtí a scríobh an duine eile agus ceartaigh achan bhotún **a bhfuil tú cinnte faoi**. Bí cinnte go dtig leat a mhíniú don duine eile cad chuige a bhfuil sé mícheart. Thig libh comhairle a lorg ón mhúinteoir má bhíonn sibh éiginnte faoi riail faoi leith nó má bhíonn soiléiriú de dhíth oraibh.

Ardú feasachta

Chuala muid roinnt samplaí de chomhfhocail sna hagallaimh le Máire agus Seán. Mar shampla:

- meán + scoil (meánscoil)
- oll + scoil (ollscoil)
- fís + comhdháil (físchomhdháil)
- mór + cuid (mórchuid)
- meán + leibhéal (meánleibhéal)

Tugtar 'réimír' ar leithéidí 'meán' agus 'oll', a chuirtear roimh an ainmfhocal le comhfhocail mar 'meánscoil' agus 'ollscoil' a chur ar fáil. Mar is léir ó na samplaí thuas, cuirtear séimhiú ar thúsleitir an ainmfhocail i ndiaidh na réimíre. Is eisceacht air sin na cásanna sin ina dtagann d, n, t l agus s le chéile: 'spotsolas', 'cúldoras', 'seanduine'.

Anois, amharc ar an tábla thíos agus déan iarracht a oiread comhfhocal agus a thig leat a chumadh, ag úsáid na míreanna éagsúla.

Réimír	Ainmfhocal	Comhfhocal
bruach	measúil	_____
ceol	tuairisc	_____
ard	brí	_____
féin	tréimhse	_____
gearr	meas	_____
bog	sodar	_____
lag	coirm	_____
	saolach	_____
	foireann	_____
	misneach	_____
	baile	_____
	brú	_____
	trua	_____

Cur agus cúiteamh

Luann Seán Ó Daimhín an focal ‘bród’ agus é ag déanamh cur síos ar a aistear foghlama. Caidé an taithí atá agat féin agus ag na daoine eile i do ghrúpa ar an chóras oideachais? Déanaigí plé ar na pointí thíos.

An rud is mó a bhfuil mé bródúil as...

An rud is mó a chuireann díomá orm...

An rud is mó a chothaigh deacrachtaí domh...

An duine is mó a thug spreagadh domh/a chuaigh i bhfeidhm orm...

An tréimhse is mó ar bhain mé sult aisti...

Dá mbeadh breith ar m'aiféala agam...

Tusa i mbun taighde

Agus Máire Uí Cheallaigh ag caint, luaigh sí beirt a ndearna sí féin staidéar orthu, is iad sin an Cairdinéal Pádraig Ó Domhnaill agus an scríbhneoir Conallach, [Seán Bán Mac Meanman](#). An bhfuil eolas ar bith agat féin maidir le Seán Bán? Déan rud beag taighde ar [a shaol agus a shaothar](#) le go mbeidh ar do chumas cur i láthair gairid a dhéanamh sa chéad rang eile. Agus tú ag tabhairt faoin tasc, d'fhéadfá díriú ar roinnt de na pointí seo a leanas.

- Cúlra Sheáin, cár rugadh é agus cá raibh an teaghlach ag cur fúthu.
- Cad chuige ar tugadh Seán 'Bán' air?
- A chuid scolaíochta.
- An dearcadh a bhí aige i leith gnéithe de scríobh na Gaeilge.
- A shaothar liteartha.
- Mar a dhéantar comóradh ar Sheán Bán inniu.

Aird ar an fhoghraíocht

Is minic a bhíonn deacrachtaí ag foghlaimeoirí leis na fuaimeanna *ch*, *dh* agus *gh* sa Ghaeilge. Is fiú tamall a chaitheamh ag cleachtadh na bhfuaimeanna seo agus a bheith airdeallach ar na difríochtaí idir iad agus fuaimeanna áirithe atá sa Bhéarla.

A Deirtear *ch*, *dh* agus *gh* a bheith leathan nuair is ceann ar bith de na gutaí leathana *a*, *o* nó *u* atá thart orthu: 'mo **chuid**', 'do **dhuais**' agus 'scairt **ghutháin**'.

Nuair a bhíonn an fhuaim seo á déanamh, bíonn lár na teanga ardaithe i dtreo chúl agus uachtar an bhéil, áit ar a dtugtar 'an coguas' (*soft palate*). Bíonn an fhuaim *ch*, *dh*, *gh* leathan le cluinstitín nuair a théann an sruth aeir idir an teanga agus an coguas.

Bain triail as an abairt seo a rá anois: 'Chaith mé seachtain sa chathair.'

Bí airdeallach, mar ní hionann *ch* leathan na Gaeilge agus *k* nó *c* an Bhéarla. Tá *ch* leathan na Gaeilge níos láidre. Má tá tú á rá mar is ceart, beidh sé le mothú agat i do sceadamán!

B Deirtear *ch*, *dh* agus *gh* a bheith caol nuair is ceann ar bith de na gutaí caola *i* nó *e* atá thart orthu: ‘an **cheist**’, ‘a **Dhiarmaid**’ agus ‘do **gheansaí**’.

Nuair a bhíonn an fhuaim seo á déanamh, bíonn lár na teanga ardaithe i dtreo lár an bhéil, áit ar a dtugtar ‘an carball’ (*hard palate*).

Bain triail as an abairt seo a rá anois: ‘Cheannaigh mé dhá chineál aráin.’

Bí airdeallach gan *ch* caol na Gaeilge a rá ar nós *k* nó *c* an Bhéarla.

C Cuir *Aonad 6*, *Mír fuaime 1* ar siúl anois agus éist anois leis na habairtí seo thíos á léamh amach. Tá achan abairt le cluinstit faoi dhó agus tá spás idir achan chasadh le seans a thabhairt duitse an abairt a rá. Ba cheart cleachtadh a dhéanamh ar na habairtí seo go rialta, go dtí go dtiocfaidh na fuaimeanna leat go réidh.

- 1 Dhíol sé an teach le gairid.
- 2 Níor ghlan sé an chisteanach go fóill.
- 3 Tá an obair sin ródhian do dhuine chomh hóg.
- 4 Dhruid an garáiste go gairid i ndiaidh domhsa an carr a cheannacht uathu.
- 5 Ghortaigh sé a chos agus chaith sé cúpla lá san otharlann.
- 6 An bhfuil sé fíor gur dhiúltaigh sé an obair a dhéanamh?
- 7 Chaith sé dhá mhí ar thaithí oibre sa Ghaeltacht.
- 8 Chríochnaigh an chóisir ag meán oíche – díreach mar a gheall siad domh.
- 9 Ar ghabh sé buíochas leat as do chineáltas?
- 10 Níor chorrigh mé as an teach mar bhí an aimsir róghaofar.

Tusa ag foghlaim

Bíonn drogall ar fhoghlaimoirí Gaeilge an teanga a labhairt, corruair, ar eagla go ndéanfaidh siad botúin. Níor cheart a bheith róbhuartha faoi bhotúin a dhéanamh – is cuid nádúrtha den phróiseas foghlama atá ann. Déanann na cainteoirí is líofa ar fad botúin anois is arís. Tapaigh achan deis an teanga a úsáid agus a chleachtadh. Bíonn straitéisí de dhíth orainn uilig le déileáil le cibé deacrachtaí a bhíonn againn agus muid i mbun cumarsáide. Seo a leanas roinnt straitéisí a chuideoidh leat. Seans maith go mbaineann tú úsáid as cuid acu cheana féin.

» Oiread agus a thig leat, bí ag pleanáil an méid a bheas le rá agat agus an dóigh a ndéarfadh tú é.

» Bíodh frásaí agat le déileáil le bearnaí i do chuid eolais, mar shampla:

Ní cuimhin liom an focal ceart ar...

Cén Ghaeilge atá ar an fhocal sin?

- » Bíodh frásaí agat le ham a thabhairt duit do mhachnamh a dhéanamh, mar shampla:

Fan go bhfeice mé anois, sílim gur...

Ó tá a fhios agat...

Níl mé cinnte caidé mar a déarfá...

- » Bain úsáid as parafrása nuair nach dtig an focal ceart leat.

Ní cuimhin liom an focal anois ach tá sé rud beag cosúil le...

- » Déan cinnte go dtuigtear do chuid cainte.

An dtuigeann tú caidé atá i gceist agam?

Níl a fhios agam an bhfuil sé sin soiléir?

Cuimhnigh fosta go bhfuil straitéisí ann atá iontach úsáideach duit nuair a bhíonn deacrachtaí agat daoine eile a thuigbheáil. Iarr ar dhaoine an méid a dúirt siad a rá arís nó a shoiléiriú duit. D'fhéadfá úsáid a bhaint as nathanna mar seo thíos:

An Pádraigín s'againne a bhí i gceist agat?

Níl mé cinnte caidé go díreach atá i gceist agat.

Ar mhiste leat sin a rá arís, le do thoil?

Níor chuala mé an leagan sin roimhe. An bhfuil sé cosúil le...?

An dtiocfadh leat é sin a rá níos moille?